

# Plandaí Spraiúla

An Fhiúise



Tagann braonacha milse neachtair amach má bhrúitear íochtar na mbláthanna.

An Seileastram




Is féidir feadaíl a bhaint as na duilleoga má shéidtear idir an dá láimh iad.

Caisearbhan



Cé mhéid séideadh a thógann sé chun na síolta go léir a shéideadh den chlog?

An Nóinín



Is féidir slabhraí fada nóiníní a dhéanamh as na bláthanna.

An Slánlus



Sa chluiche 'saighdiúirí' buailtear gais na mbláthanna in aghaidh a chéile agus na himreoirí ag iarraidh na cloigne a bhaint dá chéile.



Bhíodh an-spóirt ag gasúir le plandaí san am atá caite, tráth nach raibh mórán bréagán ar fáil agus nuair a chaithidís níos mó ama amuigh faoin aer.



Is iomaí cluiche is féidir a imirt le plandaí, agus is iomaí planda ar féidir cluiche a imirt leo.



Ach beag beann ar an gcluiche, caithfear a bheith cúramach gan damáiste a dhéanamh do na plandaí. Níl dochar cuid de bhláthanna agus de dhuilleoga na bplandaí coitianta a phiocadh, ach bí cinnte nach dtarraingítear an planda as an talamh.



Agus más ag piocadh bláthanna nó torthaí atá duine, caithfear a chinntiú go bhfághtar a ndóthain ag na héin, na mamaigh agus na feithidí.



An Cnádán



Greamaíonn leadáin an phlanda d'éadaí, ach seachain má théann siad ar do chraiceann!

An Seiceamóir



Is cosúil le lanna héileacaptair ag rothlú na síolta sciathánacha nuair a chaitear suas san aer iad.

An Dris



Bíonn dúil ag gach duine sna sméara dubha milse a thagann ar dhriseacha ag tús an fhómhair.

Luachair



Is iomaí rud is féidir a dhéanamh le gais luachra, cros Bhríde san áireamh.

